# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008*


## STAIR – ARDLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

*FOINSÍ*

## 1. PICTIÚIR

***PICTIÚR A1***



***PICTIÚR A2***



**(Foinse: Ard-Mhúsaem na hÉireann)**

***PICTIÚR B***




**( Foinse: <u>www.kostecki.de/en/explicacao.htm</u>)**

*PICTIÚR C*




**(Foinse : Cartlann Náisiúnta na Grianghrafadóireachta, www.nli.ie)**

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1

***Sliocht as 'Saol Leonardo da Vinci' le Giorgio Vasari.***

Lean an Prióir de bheith ag gríosú Leonardo chun a saothar a chríochnú; mar d'fhéach sé ait dó Leonardo a fheiceáil uaireanta ina sheasamh ar feadh leathlae ag an am, agus é caillte ina chuid smaointe, agus ba mhaith leis an bPrióir go rachadh sé ar aghaidh cosúil leis na hoibrithe ag grafadh sa ghairdín, agus gan a scuab a stopadh riamh. Rinne sé gearán faoi leis an Diúc, a chuir fios ar Leonardo agus a mhol go deas dó a bheith ag obair.

Mhínigh Leonardo don Diúc gur mó a dhéanann fir ardéirime uaireanta nuair is lú a oibríonn siad, fionnachtana á lorg acu leis an aigne, agus na tuairimí foirfe sin a chruthú chun go gcuirfeadh na lámha in iúl níos déanaí iad. Dúirt sé leis an Diúc go raibh dhá chloigeann le péinteáil aige go fóill; cloigeann Chríost nár theastaigh uaidh a lorg ar talamh; agus ní fhéadfadh sé a cheapadh go bhféadfaí an áilleacht sin agus an grásta neamhaí a shamhlú ba chóir a bheith ar a aghaidh ag Mac Dé.

Ansin, bhí cloigeann Iúdáis, a bhí ag déanamh buartha dó freisin mar cheap sé nach bhféadfadh sé a shamhlú cad iad na ceannaithe ba chóir a bheith ar aghaidh an duine sin, a raibh aigne chomh cruálach sin aige gur shocraigh sé an Tiarna, cruthaitheoir an domhain, a bhrath. Mar sin féin, dhéanfadh sé samhail d'Iúdás a lorg ach, ar deireadh, mura bhféadfadh sé duine níos fearr a fháil, b'fhéidir go smaoineodh sé ar an bPrióir amaideach a roghnú.

Ba chúis mhór gháire é seo don Diúc agus dúirt sé go raibh míle cúis ag Leonardo ar a thaobh. Agus, mar sin, an Prióir bocht agus é trína chéile, cloígh sé feasta le gríosú na hoibre sa ghairdín agus d'fhág sé Leonardo faoi shíocháin.

### DOICIMÉAD 2.

***Sliocht as an gcuntas oifigiúil ar an gCúirt Airm a cuireadh ar an gCuntaois Markievicz 4 Bealtaine 1916.***

***An chéad fhinné, Walter McKay, agus é faoi mhionn, deir sé:***

Walter McKay is ainm dom agus tá cónaí orm i gclub na hOllscoile, Faiche Stiabhna. Bhí mé 17 mbliana d'aois i Meán Fhómhair seo caite. Is cuimhin liom an Luan Cásca seo caite, 24 Aibreán, agus idir 1 agus 2 a chlog an lá sin, bhí mé i mo sheasamh ag doras an chlub. Ón áit sin d'fhéadfainn Faiche Stiabhna a fheiceáil agus chonaic mé roinnt reibiliúnaithe agus iad gléasta in éide ghlas. Bhí na sibhialtaigh á dtarraingt amach as an bhFaiche acu agus nuair a bhí sé seo á dhéanamh acu, thiomáin an cúisí suas i ngluaisteán, shéid sí a feadóg agus chrom sí amach as an ngluaisteán. Thug sí orduithe do reibiliúnaí de chuid Shinn Féin tar éis dó geata Pháirc Stiabhna a dhúnadh. Ansin thiomáin sí suas i dtreo Óstán Shelbourne. Chonaic mé arís í timpeall 1.15 p.m. Bhí sí taobh thiar de cheann de na leachtanna cuimhneacháin ar an bhFaiche; bhí piostal ina lámh aici, d'ardaigh sí i dtreo an chlub é agus scaoil sí é. Rith mé in airde staighre agus chonaic mé an áit inar bhuail an piléar.

***An dara finné, An Captaen Henry de Courcy Wheeler, Oifigeach Cúltaca i bhfoireann an Ghinearáil Lowe, agus é faoi mhionn, deir sé:***

Is cuimhin liom an Domhnach seo caite, 30 Aibreán. Bhí mé i gclós an Chaisleáin an lá sin. As sin chuaigh mé go Coláiste na Máinlianna i Sráid York. Bhí an Ceannfort Mícheál Ó Mailín ó na reibiliúnaithe in éineacht léi. Tharla an cruinniú faoi bhrat sos cogaidh. Níos déanaí, na reibiliúnaithe a bhí i gColáiste na Máinlianna, mháirseáil siad amach agus ghéill siad. Bhí an cúisí ar dhuine acu. Bhí sí armáilte le piostal agus armlón i gcrios Sam Browne. Thug sí a cuid arm dom. Thairg mé di í a thiomáint i ngluaisteán go dtí an Caisleán; dhiúltaigh sí agus dúirt sí gurbh fhearr léi máirseáil leis na fir mar ba í a bhí ina leascheannasaí acu.

***Dúirt an Chuntaois Markievicz agus í á cosaint féin:***

Chuaigh mé amach chun troid ar son saoirse na hÉireann agus is cuma cad a tharlaíonn dom. Rinne mé an rud ceart i mo thuairim féin agus seasaim leis.

**Sínithe an 4ú lá de Bhealtaine 1916, C.T. Blackader,**
Uachtarán na Cúirte Airm